# 7. Lá Cois Trá

**A** Léigh an scéal.







**Donal** A Uncail Pól, ba mhaith liom dul ag snámh.

**Uncail Pól** Tá an fharraige ró-gharbh anois.
Rachaimid ag snámh amárach.


**Ciara** Níl sé ró-gharbh dúinne.
Is féidir linn snámh go maith.

**Peadar** Bhuaigh mise bonn óir don snámh an bhliain seo caite.

**Uncail Pól** Ceart go leor. Abhaile linn agus gheobhaimid ár gcultacha snámha.







5
Cuidigh liom! Cuidigh liom!
Beidh mé leat i gceann cúpla nóiméad!
Go tobann, lig Ciara béic aisti. Thosaigh Peadar ag snámh ina treo.
6
Rug Peadar ar Chiara agus tharraing sé í suas ar charraig. Bhí siad i gcuan beag.
7
Go bhfóire Dia orainn.
Thosaigh an taoide ag teacht isteach. Bhí eagla an domhain ar an mbeirt acu.
8
Rith Uncail Pól ar ais go dtí an carbhán. Chuir sé fios ar na gardaí agus ar an mbriogáid dóiteáin.
9
Bhí an fharraige ag éirí níos airde. Bhí tuirse an domhain ar Pheadar agus Ciara.
10
Fan ansin. Beidh mé libh i gceann cúpla nóiméad.
Leis sin chuala siad héileacaptar san aer. Bhí fear ag teacht anuas ar dhréimire.
11
Rug an fear ar Chiara ar dtús. Chuir sé crios timpeall uirthi. D'ardaigh na daoine Ciara go dtí an héileacaptar. Ansin, d'ardaigh siad Peadar. Bhí an bheirt acu slán. Bhí áthas orthu go léir. Chodail siad go sámh an oíche sin mar bhí siad tuirseach traochta.

## B Cúpla ceist

1. Cá raibh an carbhán ag Uncail Pól?

_______________________________________________

2. Cathain a chuaigh na páistí ar saoire chuige?

_______________________________________________

3. Cá ndeachaigh siad ag siúl?

_______________________________________________

4. Cén saghas lae a bhí ann?

_______________________________________________

5. Céard a fuair siad sa charbhán?

_______________________________________________

6. An raibh an fharraige ciúin nó garbh?

_______________________________________________

7. Cé a thosaigh ag snámh i dtreo na haille?

_______________________________________________

8. Cé a rug ar Chiara?

_______________________________________________

9. Cé a chuir fios ar na gardaí?

_______________________________________________

10. Céard a chuala Peadar agus Ciara?

_______________________________________________

## C Líon na bearnaí.

Chodail    Thóg    Chuir    D'ardaigh    Fuair    Thug

1. ______________ Rossa rothar nua inné.





2. ______________ na gardaí Gordó go dtí an héileacaptar.

3. ______________ an príomhoide leabhar do Neasa.





4. ______________ Óla seaicéad as an mála.



5. ______________ Mamaí fios ar na gardaí.



6. ______________ Uncail Pól go sámh sa leaba.

## Nathanna Nua



## D Seo leat... Chodail Ciara go sámh mar bhí sí tuirseach traochta.

an feirmeoir | an rúnaí | an garda | Mamó | an múinteoir

1. Chodail ________________ go sámh mar bhí sí tuirseach traochta. 

 2. Chodail ________________ go sámh mar bhí sí tuirseach traochta.


3. Chodail ______________ go sámh mar bhí sé tuirseach traochta. 

 4. Chodail ____________ go sámh mar bhí sé ________________

5. Chodail ____________ go sámh mar bhí sí ________________ 

## E Seo leat... ó dhuine go duine






## F Seo leat...




féachaint ar an teilifís | dul ag snámh | éisteacht leis an raidió
dul ag iascaireacht | leabhar a léamh | dul ag siopadóireacht

1. Ba mhaith liom ______________________________ 

 2. Ba mhaith liom ______________________________

3. Ba mhaith liom ______________________________ 

 4. Ba mhaith liom ______________________________

5. Ba mhaith liom ______________________________ 

 6. Ba mhaith liom ______________________________

## I Cuir na focail seo a leanas in abairtí.

ag snámh: ______________________

ag imirt peile: ______________________

ag léamh: ______________________


ag iascaireacht: ______________________

ag scátáil: ______________________

ag canadh: ______________________

ag seinm ceoil: ______________________

## J Trína chéile ag an trá



Bhí Daidí ag an trá nuair a tharraing sé an pictiúr seo. Is dóigh liom go bhfuair sé an iomarca gréine. Rinne sé deich mbotún. An féidir leatsa iad a fháil?

Déan liosta anseo.

1. ______________________
2. ______________________
3. ______________________
4. ______________________
5. ______________________
6. ______________________
7. ______________________
8. ______________________
9. ______________________
10. ______________________